



2024/721

8.3.2024

CINNEADH (AE) 2024/721 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Feabhra 2024

lena mbunaítear, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, luachanna aicmithe chóras faireacháin na mBallstát de thoradh an chleachtaidh idirchalabraithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2018/229 ón gCoimisiún

(tugadh fógra leis an doiciméad faoi C(2024) 1113)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail i réimse an bheartais uisce ⁽¹⁾, agus go háirithe Roinn 1.4.1(ix) d'Iarscríbhinn V a ghabhann léi,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2000/60/CE, éilítear ar na Ballstáit na dobharlaigh dhromchla uile a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú agus é d'aidhm aige sin dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach a bhaint amach. Ina theannta sin, éilítear ar na Ballstáit na dobharlaigh dhromchla uile atá saorga agus an-mhodhnaithe a chosaint agus a fheabhsú, agus é d'aidhm aige sin dea-acmhainneacht éiceolaíoch agus dea-stádas ceimiceach a bhaint amach.
- (2) Chun ceann de phríomhchuspóirí comhshaoil Threoir 2000/60/CE a shainiú, is é sin dea-stádas éiceolaíoch, déantar foráil sa Treoir maidir le próiseas chun inchomparáideacht a áirithiú idir torthaí faireacháin bhitheolaíoch na mBallstát agus aicmithe a gcórais faireacháin. Is trí líonra idirchalabraithe atá comhdhéanta de láithreáin faireacháin i ngach Ballstát agus i ngach éiciréigiún den Aontas atá comparáid le déanamh idir torthaí faireacháin bhitheolaíoch na mBallstát agus aicmithe a gcórais faireacháin. Le Treoir 2000/60/CE, éilítear ar na Ballstáit an fhaisnéis is gá maidir leis na láithreáin a áirítear sa líonra idirchalabraithe a bhailiú, de réir mar is iomchuí, ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht aicmithe an chórais faireacháin náisiúnta leis na sainmhínithe normatacha i Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Chun an cleachtadh idirchalabraithe a dhéanamh, eagraítear na Ballstáit ina nGrúpaí Idirchalabraithe Geografacha, atá comhdhéanta de na Ballstáit agus an Iorua a roinneann cineálacha dobharlach dromchla, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- (3) I gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, tá an cleachtadh idirchalabraithe le déanamh ar leibhéal na n-eilimintí cáilíochta bitheolaíochta, agus comparáid á déanamh idir torthaí aicmithe an chórais faireacháin náisiúnta maidir le gach eilimint cáilíochta bitheolaíochta agus maidir le gach cineál dobharlaigh dromchla coiteann i measc na mBallstát. Ní mór a áirithiú leis an gcleachtadh freisin go bhfuil na torthaí comhsheasmhach leis na sainmhínithe normatacha a leagtar amach i Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin.
- (4) Tá ceithre chéim den chleachtadh idirchalabraithe éascaithe ag an gCoimisiún. Faoi gComhstraitéis Cur Chun Feidhme don Treoir Réime maidir le hUisce, ullmhaíodh ceithre threoidhoiciméad (Uimh. 6 ⁽²⁾, 14 (dhá leagan ⁽³⁾) agus 30 ⁽⁴⁾) chun an próiseas idirchalabraithe a éascú. Tugtar forbhreathnú sna treoidhoiciméid sin ar phríomhphrionsabail an phróisis agus ar na roghanna atá ann chun an cleachtadh a dhéanamh, lena n-áirítear amscálaí agus ceanglais tuairiscithe. Cuirtear nós imeachta ar fáil iontu freisin lena áirithiú go bhfuil na modhanna aicmithe náisiúnta nua nó athbheithnithe i gcomhréir leis an sainmhíniú comhchuibhithe ar dhea-stádas éiceolaíoch.

⁽¹⁾ IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.

⁽²⁾ Comhstraitéis cur chun feidhme don Treoir Réime maidir le hUisce (2000/60/CE), Treoidhoiciméad Uimh. 6, dar teideal *Towards a Guidance on Establishment of the Intercalibration Network and the Process on the Intercalibration Exercise* [I dTreo Treoraíocht maidir leis an Líonra Idirchalabraithe agus Próiseas an Chleachtaidh Idirchalabraithe a Bhunú], na Comhphobail Eorpacha, 2003. ISBN 92-894-5126-2

⁽³⁾ Comhstraitéis cur chun feidhme don Treoir Réime maidir le hUisce (2000/60/CE), Treoidhoiciméad Uimh. 14. Treoidhoiciméad maidir leis an bPróiseas Idirchalabraithe 2004-2006, ISBN 92-894-9471-9; Comhstraitéis cur chun feidhme don Treoir Réime maidir le hUisce (2000/60/CE), Treoidhoiciméad Uimh. 14. Treoidhoiciméad maidir leis an bPróiseas Idirchalabraithe 2008-2011, ISBN: 978-92-79-18997-5

⁽⁴⁾ Nós imeachta chun modhanna aicmithe nua nó nuashonraithe a chur leis na torthaí ó chleachtadh idirchalabraithe atá curtha i gcrích, Treoidhoiciméad Uimh. 30. Tuarascáil Theicniúil 2015-085, ISBN: 978-92-79-38434-9

- (5) Áiríodh torthaí idirchalabraithe áirithe le haghaidh roinnt eilimintí cáilíochta bitheolaíochta i gCinneadh 2008/915/CE ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Sa Chinneadh sin, leagadh amach luachanna na dteorainneacha idir aicmí a bhí ar na Ballstáit a úsáid in aicmithe a gcórais faireacháin náisiúnta.
- (6) Bhí an chéad céim den chleachtadh idirchalabraithe neamhiomlán. Dá réir sin, thionscain an Coimisiún an dara céim don phróiseas sin. Cuireadh torthaí an chleachtaidh sin san áireamh i gCinneadh 2013/480/AE ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ chun na bearnaí a dhúnadh agus chun feabhas a chur ar inchomparáideacht na dtorthaí idirchalabraithe in am don dara plean bainistíochta abhantraí a bhí le foilsiú in 2015. Léiríodh sna torthaí nár baineadh idirchalabrá amach ach go páirteach i gcásanna áirithe. Bhí Grúpaí Idirchalabraithe Geografacha agus eilimintí cáilíochta bitheolaíochta ann freisin nach raibh aon toradh idirchalabraithe ann ina leith le cur san áireamh sa Chinneadh sin.
- (7) Bhí gá leis an tríú céim den chleachtadh idirchalabraithe, dá bhrí sin, chun na bearnaí sin a dhúnadh agus chun feabhas a chur ar inchomparáideacht na dtorthaí idirchalabraithe in am don tríú plean bainistíochta abhantraí a bhí le foilsiú in 2021. Cuireadh torthaí an chleachtaidh sin san áireamh i gCinneadh (AE) 2018/229 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾. Arís, léiríodh sna torthaí nár baineadh idirchalabrá amach ach go páirteach i gcásanna áirithe.
- (8) Bhí gá leis na bearnaí sin a bhí fós ann a dhúnadh, agus le hathbheithniú a dhéanamh ar roinnt de na torthaí a glacadh roimhe sin ar mhaithe le hoiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ar chórais faireacháin agus aicmiúcháin na mBallstát. Dá bhrí sin, thionscain an Coimisiún an ceathrú céim den chleachtadh idirchalabraithe. Tá na torthaí ón gcleachtadh sin san áireamh in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- (9) Chun na torthaí i gCuid 1 d'Iarscríbhinn 1 a fhorbairt, tá na céimeanna uile den phróiseas idirchalabraithe a leagtar amach sna treordhoiciméid curtha i gcrích go hiomlán. San áireamh i gCuid 2 d'Iarscríbhinn 1 tá na modhanna aicmithe náisiúnta agus na luachanna teorann faoi seach a ghabhann leo, nárbh fhéidir, go teicniúil, an measúnú inchomparáideachta a chur i gcrích ina leith mar gheall ar easpa cineálacha coiteanna, brúnna éagsúla a dtugtar aghaidh orthu nó coincheapa measúnúcháin éagsúla. San áireamh i gCuid 3 d'Iarscríbhinn 1 tá cineálacha doibhlach dromchla (a fhaightear sna Ballstáit agus san Iorua) nach bhfuil eilimintí cáilíochta bitheolaíochta nó fo-bhitheolaíochta infheidhme ina leith ar bhonn na réasúnuithe a soláthraíodh agus ar glacadh leo. Ós rud é go bhfuil na torthaí a leagtar amach i gCuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn 1 i gcomhréir leis na sainmhínithe normatacha a leagtar amach i Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, ba cheart na luachanna teorann faoi seach a úsáid i gcórais faireacháin agus aicmiúcháin na mBallstát.
- (10) I gcás ina n-ainmnítear doibhlach a chomhfheagraíonn do na cineálacha idirchalabraithe mar dhobharlaigh atá saorga nó an-mhodhnaithe i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Threoir 2000/60/CE, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na torthaí a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo a úsáid chun a ndea-acmhainneacht éiceolaíoch a bhaint amach. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh a modhnuithe fisiceacha agus a n-úsáid ghaolmhar uisce a chur san áireamh i gcomhréir leis na sainmhínithe normatacha i bpointe 1.2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit torthaí an chleachtaidh idirchalabraithe a chur i bhfeidhm ar a gcórais aicmithe náisiúnta agus na teorainneacha idir ardstádas agus dea-stádas, agus idir dea-stádas agus stádas measartha á leagan amach acu dá gcineálacha náisiúnta uile.
- (12) An fhaisnéis a chuirtear ar fáil trí bhunú na gclár faireacháin dá ndéantar foráil in Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE agus an t-athbheithniú agus an nuashonrú ar shaintréithe na gceantar abhantraí dá ndéantar foráil in Airteagal 5 den Treoir sin, cuirfidh siad fianaise nua ar fáil. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh faisnéis den sórt sin a fhágáil gur gá do na Ballstáit a gcórais faireacháin agus aicmiúcháin a oiriúnú chun freastal ar dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Féadfaidh na Ballstáit modhanna aicmiúcháin náisiúnta nua a fhorbairt lena gcumhdófar eilimintí cáilíochta bitheolaíochta nó eilimintí cáilíochta fo-bhitheolaíochta agus na luachanna teorann faoi seach a mbeadh orthu a bheith i gcomhréir leis na sainmhínithe normatacha a leagtar amach i gCuid 1.2. d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE.

⁽⁵⁾ Cinneadh 2008/915/CE ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2008 lena mbunaítear, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, luachanna aicmithe chóras faireacháin na mBallstát de thoradh an chleachtaidh idirchalabraithe (IO L 332, 10.12.2008, lch. 20).

⁽⁶⁾ Cinneadh 2013/480/AE an 20 Meán Fómhair 2013 ón gCoimisiún lena mbunaítear, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, luachanna aicmithe chóras faireacháin na mBallstát de thoradh an chleachtaidh idirchalabraithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/915/CE (IO L 266, 8.10.2013, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh (AE) 2018/229 ón gCoimisiún lena mbunaítear, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, luachanna aicmithe chóras faireacháin na mBallstát de thoradh an chleachtaidh idirchalabraithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/480/AE ón gCoimisiún (IO L 47, 20.2.2018, lch. 1).

- (13) Ba cheart Cinneadh (AE) 2018/229 a aisghairm agus a ionadú dá réir sin.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Threoir 2000/60/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun críoch roinn 1.4.1(iii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, úsáidfídh na Ballstáit luachanna na dteorainneacha idir aicmí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo ina gcórais faireacháin agus aicmiúcháin.
2. I gcás nár tugadh measúnú inchomparáideachta le haghaidh eilimint cáilíochta bitheolaíochta chun críche laistigh de Ghrúpa Idirchalabraithe Geografach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo, bainfidh na Ballstáit úsáid, chun críoch roinn 1.4.1(iii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, ina gcórais faireacháin agus aicmiúcháin, as modhanna agus luachanna na dteorainneacha idir aicmí a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.
3. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na modhanna agus luachanna na dteorainneacha idir aicmí a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo chun dea-acmhainneacht éiceolaíoch na ndobharlach a ainmnítear mar dhobharlaigh atá saorga nó an-mhodhnaithe i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Threoir 2000/60/CE a bhunú.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2018/229.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN 1

San áireamh i gCuid 1 den iarscríbhinn seo tá torthaí an chleachtaidh idirchalabraithe a bhfuil céimeanna uile an phróisis idirchalabraithe curtha i gcrích go hiomlán ina leith, lena n-áirítear a luachanna teorann faoi seach.

San áireamh i gCuid 2 tá na modhanna náisiúnta agus na luachanna teorann faoi seach a ghabhann leo atá i gcomhréir leis an sainmhíniú normatach a leagtar amach i Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE ach i gcás nárbh fhéidir, go teicniúil, an measúnú inchomparáideachta a chur i gcrích ina leith laistigh de Ghrúpa Idirchalabraithe Geografach mar gheall ar easpa cineálacha coiteanna, brúnna éagsúla a dtugtar aghaidh orthu nó coincheapa measúnúcháin éagsúla.

San áireamh i gCuid 3 tá cineálacha dobharlach dromchla (ar fud na mBallstát agus san Iorua) nach bhfuil eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta nó Fo-bhitheolaíochta infheidhme ina leith ar bhonn na réasúnithe a soláthraíodh agus ar glacadh leo.

Cuid 1

Catagóir uisce	Aibhneacha
Grúpa Idirchalabraithe Geografach	Aibhneacha Alpacha

Tuairisc ar na cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá

Cineál	Saintréithriú aibhneacha	Dobharcheantar (km²)	Airde (ar an meán, os cionn leibhéal na farraige) agus geomoirfeolaíocht	Alcaileacht	Córas sreafa
R-A1	Réamh-Alpach, beag go meánmhéide, airde mhór, cailcreach	10 - 1 000	800 - 2 500 m (dobharcheantar), bolláin/duirleoga	Alcaileacht ard (ach gan a bheith an-ard)	
R-A2	Beag go meánmhéide, airde mhór, siliciúil	10 - 1 000	500 - 1 000 m (uasairde an dobharcheantair 3 000 m, meánairde 1 500 m), bolláin	Neamh-chailcreach (eibhear, meiteamorfach) alcaileacht mheánach go híseal	Córas sreafa sneachtúil-oighreach

Tíortha a roinneann cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá:

Cineál R-A1:An Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an tSlóivéin

Cineál R-A2:An Ostair, an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH NA nAIBHNEACHA ALPACHA

Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Fána inveirteabrach beantach
------------------------------------	------------------------------

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír agus Cineál	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
Cineál R-A1			
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - inveirteabraigh pháirt-bheantacha [Erhebung der biologischen Qualitätselemente - Teil Makrozoobenthos (Detaillierte MZB-Methode)]	0,80	0,60
An Fhrainc	Innéacs ilmhéadrach bunaithe ar fhána maicrinveirteabrach le haghaidh measúnú éiceolaíoch ar aibhneacha sa Fhrainc ar féidir spágáil iontu (I ₂ M ₂)	0,605	0,354
An Ghearmáin	PERLODES - Bewertungsverfahren von Fließgewässern auf Basis des Makrozoobenthos	0,80	0,60
An Iodáil	MacrOper, bunaithe ar Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR (STAR_ICMi)	0,97	0,73
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi bentoških nevretenčarjev	0,80	0,60
Cineál R-A2			
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - inveirteabraigh pháirt-bheantacha [Erhebung der biologischen Qualitätselemente - Teil Makrozoobenthos (Detaillierte MZB-Methode)]	0,80	0,60
An Fhrainc	Innéacs ilmhéadrach bunaithe ar fhána maicrinveirteabrach le haghaidh measúnú éiceolaíoch ar aibhneacha sa Fhrainc ar féidir spágáil iontu (I ₂ M ₂)	0,665	0,460
An Iodáil	MacrOper, bunaithe ar Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR (STAR_ICMi)	0,95	0,71
An Spáinn	An Mheitheal Faireacháin Bitheolaíochta Ibéarach (IBMWP)	0,83	0,53

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH NA nAIBHNEACHA ALPACHA	
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Macraifítí agus Fítibeantós
Eilimint Cáilíochta Fo-Bhitheolaíochta	Fítibeantós

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Cineál agus tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
Cineál R-A1			
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - Fítibeantós páirteach [Leitfaden zur Erhebung der biologischen Qualitätselemente, Teil A3 - Fließgewässer/Phytobenthos]	0,89	0,71

Cineál agus tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Fhrainc	IBD 2007 (Coste et al, Ecol. Ind. 2009). AFNOR NF-T-90-354, Nollaig 2007. Arrêté ministériel du 25 janvier 2010 modifié relatif aux méthodes et critères d'évaluation de l'état écologique {...} des eaux de surface	0,94	0,78
An Ghearmáin	Verfahrensanleitung für die ökologische Bewertung von Fließgewässern zur Umsetzung der EG-Wasserrahmenrichtlinie: Makrophyten und Phytobenthos (PHYLIB), Modul Diatomeen	0,735	0,54
An Iodáil	Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe (ICMi) (Mancini & Sollazzo, 2009)	0,87	0,70
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi fitobentosa in makrofitov, fitobentos	0,80	0,60
Cineál R-A2			
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - Fítibeantós páirteach [Leitfaden zur Erhebung der biologischen Qualitätselemente, Teil A3 - Fließgewässer/Phytobenthos]	0,89	0,71
An Fhrainc	IBD 2007 (Coste et al, Ecol. Ind. 2009). AFNOR NF-T-90-354, Nollaig 2007. Arrêté ministériel du 25 janvier 2010 modifié relatif aux méthodes et critères d'évaluation de l'état écologique {...} des eaux de surface	0,94	0,78
An Spáinn	IPS (Coste in Cemagref, 1982)	0,94	0,74
An Iodáil	Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe (ICMi) (Mancini & Sollazzo, 2009)	0,85	0,64

Catagóir uisce	Aibhneacha
Grúpa Idirchalabraithe Geografach	Aibhneacha Mhuir Bhailt Láir

Tuairisc ar na cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá

Cineál	Saintréithriú aibhneacha	Dobharcheantar (km ²)	Airde agus geomoirfeolaíocht	Alcaileacht (milleachóibhéis/l)
R-C1	Ísealchríoch bheag ina bhfuil gaineamh siliciúil	10 - 100	Ísealchríoch, foshraith ghainmheach den chuid is mó (cáithníní ar mhéid beag), 3 - 8 m ar leithead (méid lán go bruach)	> 0,4
R-C2	Ísealchríoch bheag shiliciúil - carraig	10 - 100	Ísealchríoch, ábhar carraige 3 - 8 m ar leithead (méid lán go bruach)	< 0,4
R-C3	Beag, lár-airde, siliciúil	10 - 100	Lár-airde, carraig (eibhear) - foshraith ghairbhéil, 2 - 10 m ar leithead (méid lán go bruach)	< 0,4
R-C4	Ísealchríoch mheánach mheasctha	100 - 1 000	Ísealchríoch, foshraith ghainmheach go foshraith ghairbhéil, 8 - 25 m ar leithead (méid lán go bruach)	> 0,4

Cineál	Saintréithriú aibhneacha	Dobharcheantar (km ²)	Airde agus geomoirfeolaíocht	Alcailocht (millea-choibhéis/l)
R-C5	Ísealchríoch mhór mheasctha	1 000 - 10 000	Ísealchríoch, crios barbail, éagsúlacht i luas, uasairde sa dobharcheantar: 800 m os cionn leibhéil na farraige, > 25 m ar leithead (méid lán go bruach)	> 0,4
R-C6	Beag, ísealchríoch, cailcreach	10 - 300	Ísealchríoch, foshraith ghairbhéil (aolchloch), leithead 3 - 10 m (méid lán go bruach)	> 2

Tíortha a roinneann cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá:

Cineál R-C1:	An Bheilg (Flóndras), an Bheilg (an Vallúin), an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an tSualainn
Cineál R-C2:	An Fhrainc, Éire, an Spáinn, an tSualainn
Cineál R-C3:	An Ostair, an Bheilg (an Vallúin), An tSeicia, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Pholainn, an Spáinn, an tSualainn
Cineál R-C4:	An Bheilg (Flóndras), an Bheilg (an Vallúin), An tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Spáinn, an tSualainn
Cineál R-C5:	An Bheilg (an Vallúin), An tSeicia, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Spáinn, an tSualainn
Cineál R-C6:	An Bheilg (an Vallúin), an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Pholainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Spáinn, an tSualainn

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA MHAIR BHAILT LÁIR	
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Fána inveirteabach beantach

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasarttha
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - inveirteabraigh pháirt-bheantacha	0,80	0,60
An Bheilg (Flóndras)	Innéacs Maicrinveirteabach Ilmhéadrach Fhlóndras (MMIF)	0,90	0,70
An Bheilg (an Vallúin)	Indice Biologique Global Normalisé (IBGN) (Norme AFNOR NF T 90 350, 1992) agus Arrêté du Gouvernement wallon du 13 septembre 2012 relatif à l'identification, à la caractérisation et à la fixation des seuils d'état écologique applicables aux masses d'eau de surface et modifiant le Livre II du Code de l'Environnement, contenant le Code de l'Eau. Moniteur belge 12.10.2012	0,94 (cineál R-C1) 0,97 (cineálacha R-C3, R-C5, R-C6)	0,75 (cineál R-C1) 0,74 (cineálacha R-C3, R-C5, R-C6)
An tSeicia	Córas Phoblacht na Seice chun measúnú a dhéanamh ar stádas éiceolaíoch aibhneacha ag baint úsáid as maicrinveirteabraigh bheantacha	0,80	0,60
An Danmhairg	Innéacs Fána Sruthanna na Danmhairge (DSFI)	1,00	0,71
An Eastóin	Measúnú ar cháilíocht éiceolaíoch uisce dhromchla na hEastóine — maicrinveirteabraigh aibhneacha	0,90	0,70

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Fhrainc	Innéacs ilmhéadrach bunaithe ar fhána maicrinveirteabrach le haghaidh measúnú éiceolaíoch ar aibhneacha sa Fhrainc ar féidir spágáil iontu (I ₂ M ₂)	0,665	0,443
An Ghearmáin	PERLODES - Bewertungsverfahren von Fließgewässern auf Basis des Makrozoobenthos	0,80	0,60
Éire	Córas Rátála Cáilíochta (Q-luach)	0,85	0,75
An Iodáil	MacOper, bunaithe ar ríomh innéacs STAR_ICM	0,96	0,72
An Laitvia	Innéacs Maicrinveirteabrach na Laitvia (LMI)	0,92	0,72
An Liotuáin	Innéacs Maicrinveirteabrach Aibhneacha na Liotuáine	0,80	0,60
Lucsamburg	Innéacs Ilmhéadrach bunaithe ar Mhaicrinveirteabraigh (I ₂ M ₂)	0,64	0,45
An Ísiltír	KRW-maatlat	0,80	0,60
An Pholainn	RIVEComacro - MMI_PL	0,91 (cineál R-C1)	0,72 (cineál R-C1)
An Spáinn	METI	0,93	0,70
An Spáinn (Tír na mBascach)	MBf (innéacs ilmhéadrach Bascach ar leibhéal an teaghlaigh)	0,91	0,68
An tSualainn	Innéacs DJ (Dahl & Johnson 2004)	0,80	0,60

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA MHUIR BHAILT LÁIR	
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Macraifítí agus Fítibeantós
Eilimint Cáilíochta Fo-Bhitheolaíochta	Macraifítí

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Ostair	AIM le haghaidh Aibhneacha (Innéacs Macraifítí na hOstaire le haghaidh aibhneacha)	RC-3	0,875	0,625
An Bheilg (Flóndras)	MAFTWAT - córas measúnúcháin macraifítí Fhlóndras	R-C1	0,80	0,60

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalaibraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Bheilg (an Vallúin)	IBMR-WL - Innéacs Macraifítí Bitheolaíoch le haghaidh Aibhneacha (Arrêté du Gouvernement wallon du 13 septembre 2012 relatif à l'identification, à la caractérisation et à la fixation des seuils d'état écologique applicables aux masses d'eau de surface et modifiant le Livre II du Code de l'Environnement, contenant le Code de l'Eau. Moniteur belge 12.10.2012)	R-C3	0,925	0,607
An tSeicia	Modh measúnúcháin maidir le dobharlaigh dhromchla reatha sa tSeicia ag baint úsáid as macraifítí eiliminte cáilíochta bitheolaíochta	R-C3 (cineál náisiúnta 1)	0,83	0,67
		R-C3 (cineál náisiúnta 4)	0,82	0,64
		R-C4	0,86	0,62
An Danmhairg	DSPI - Innéacs Plandaí Sruthanna na Danmhairge	R-C1, R-C4	0,70	0,50
An Eastóin	Innéacs Macraifítí na hEastóine le haghaidh Aibhneacha	R-C4	0,85	0,65
An Ghearmáin	Verfahrensanleitung für die ökologische Bewertung von Fließgewässern zur Umsetzung der EG-Wasserrahmenrichtlinie: Makrophyten und Phytobenthos (PHYLIB), Modul Makrophyten	R-C1	0,745	0,495
		R-C3	0,80	0,55
		R-C4	0,575	0,395
An Ghearmáin	NRW-Verfahren zur Bewertung von Fließgewässern mit Makrophyten	R-C1, R-C3, R-C4	0,995	0,695
An Fhrainc	IBMR - Indice Biologique Macrophytique en Rivière Caighdeán NF T90-395 na Fraince (2003-10-01)	R-C3	0,93	0,79
		R-C4	0,905	0,79
Éire	MTR - IE - Meán-Aicmiú Trófach	R-C4	0,74	0,62
An Iodáil	IBMR - IT - Innéacs Macraifítí Bitheolaíoch le haghaidh Aibhneacha	R-C1	0,90	0,80
		R-C4	0,90	0,80
An Liotuáin	Innéacs Macraifítí Aibhneacha na Liotuáine	R-C4	0,61	0,41
An Laitvia	Modh measúnúcháin na Laitvia ag baint úsáid as macraifítí	R-C4	0,75	0,55
Lucsamburg	IBMR - LU - Innéacs Macraifítí Bitheolaíoch le haghaidh Aibhneacha	R-C3, R-C4, R-C5 agus R-C6	0,89	0,79

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Ísiltír	Modh measúnúcháin athbhreithnithe le haghaidh aibhneacha san Ísiltír ag baint úsáid as macraifítí	R-C1 agus R-C4	0,80	0,60
An Pholainn	MIR - Innéacs Macraifítí le haghaidh Aibhneacha	R-C1	0,90	0,65
		R-C3	0,910	0,684
		R-C4	0,90	0,65

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA MHUIR BHAILT LÁIR	
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Macraifítí agus Fítibeantós
Eilimint Cáilíochta Fo-Bhitheolaíochta	Fítibeantós

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - Fítibeantós páirteach [Leitfaden zur Erhebung der biologischen Qualitätselemente, Teil A3 - Fließgewässer/Phytobenthos]	Gach cineál, airde < 500 m	0,64	0,49
		Gach cineál, airde > 500 m	0,81	0,53
An Bheilg (Flóndras)	Méideanna na nDiatóm Tionchar-Íogaire agus a bhaineann le Tionchair eile (PISIAD)	Gach cineál	0,80	0,60
An Bheilg (an Vallúin)	IPS (Coste, in CEMAGREF, 1982; Lenoir & Coste, 1996 agus Arrêté du Gouvernement wallon du 13 septembre 2012 relatif à l'identification, à la caractérisation et à la fixation des seuils d'état écologique applicables aux masses d'eau de surface et modifiant le Livre II du Code de l'Environnement, contenant le Code de l'Eau. Moniteur belge 12.10.2012)	Gach cineál	0,98	0,73
An tSeicia	Modh measúnúcháin Phoblacht na Seice le haghaidh aibhneacha ag baint úsáid as fítibeantós	R-C3, R-C4, R-C5	0,80	0,63
An Danmhairg	Innéacs na Danmhairge le haghaidh algaí beantacha (SID_TID)	R-C1, R-C4, R-C6	0,861	0,68
An Eastóin	Indice de Polluosensibilité Spécifique (IPS)	Gach cineál	0,85	0,70

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Fhrainc	IBD 2007 (Coste et al, Ecol. Ind. 2009). AFNOR NF-T-90-354, Nollaig 2007. Arrêté ministériel du 25 janvier 2010 modifié relatif aux méthodes et critères d'évaluation de l'état écologique [...] des eaux de surface	Gach cineál	0,94	0,78
An Ghearmáin	Verfahrensanleitung für die ökologische Bewertung von Fließgewässern zur Umsetzung der EG-Wasserrahmenrichtlinie: Makrophyten und Phytobenthos (PHYLIB), Modul Diatomeen	R-C1	0,67	0,43
		R-C3	0,67	0,43
		R-C4	0,61	0,43
		R-C5	0,73	0,55
Éire	Cineál athbhreithnithe den Innéacs Diatóm Trófach (TDI)	Gach cineál	0,93	0,78
An Iodáil	Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe (ICMi) (Mancini & Sollazzo, 2009)	Gach cineál	0,89	0,70
Éire	Cineál athbhreithnithe den Innéacs Diatóm Trófach (TDI)	Gach cineál	0,93	0,78
An Laitvia	Modh measúnúcháin na Laitvia ag baint úsáid as fítibeantós	R-C4, R-C5, R-C6	0,70	0,50
An Liotuáin	Innéacs Fítibeantóis na Liotuáine le haghaidh Aibhneacha	R-C1, R-C4, R-C5, R-C6	0,73	0,55
Lucsamburg	Indice de Polluosensibilité Spécifique (IPS)	R-C3, R-C4 (alcaileacht íseal)	0,98	0,78
		R-C4 (alcaileacht ard), R-C5 agus R-C6	0,99	0,78
An Ísiltír	KRW Maatlat	Gach cineál	0,80	0,60
An Pholainn	Indeks Okrzemkowy IO dla rzek (Innéacs Diatóm le haghaidh aibhneacha)	Gach cineál	0,80	0,58
An Spáinn	Diatóm ilmhéadrach (MDIAT)	R-C2, R-C3, R-C4	0,93	0,70
An tSualainn	Modhanna measúnúcháin na Sualainne, rialacháin EPA na Sualainne (NFS 2008:1) bunaithe ar Indice de Polluosensibilité Spécifique (IPS)	Gach cineál	0,89	0,74

Catagóir uisce

Aibhneacha

Grúpa Idirchalabraithe Geografach

Aibhneacha na Mór-Roinne Thoir

Tuairisc ar na cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá

Cineál	Saintréithriú aibhneacha	Éiciréigiún	Dobharch-eantar (km ²)	Airde (ar an meán, os cionn leibhéal na farraige)	Geolaíocht	Foshraith
R-E1a	Sléibhte Cairp: beag go meánmhéide, lár-airde	10	10 - 1 000	500 – 800	Measctha	
R-E1b	Sléibhte Cairp: beag go meánmhéide, lár-airde	10	10 - 1 000	200 - 500	Measctha	
R-E2	Machairí: meánmhéide, ísealchríoch	11 agus 12	100 - 1 000	< 200	Measctha	Gaineamh agus siolta
R-E3	Machairí: mór, ísealchríoch	11 agus 12	> 1 000	< 200	Measctha	Gaineamh, siolta agus gairbhéal
R-E4	Machairí: meánmhéide, lár-airde	11 agus 12	100 - 1 000	200 - 500	Measctha	Gaineamh agus gairbhéal
R-EX4	Mór, lár-airde	10, 11 agus 12	> 1 000	200 - 500	Measctha	Gairbhéal agus bollán
R-EX5	Machairí: ísealchríoch bheag	11 agus 12	10 - 100	< 200	Measctha	Gaineamh agus siolta
R-EX6	Machairí: beag, lár-airde	11 agus 12	10 - 100	200 - 500	Measctha	Gairbhéal
R-EX7	Na Balcáin: beag, cailcreach, lár-airde	5	10 - 100	200 - 500	Cailcreach	Gairbhéal
R-EX8	Na Balcáin: beag go meánmhéide, carst-fhuarán cailcreach	5	10 - 1 000		Cailcreach	Gairbhéal, gaineamh agus siolta

Tíortha a roinneann cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá:

- R-E1a: An Bhulgáir, An tSeicia, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic
- R-E1b: An Bhulgáir, An tSeicia, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic
- R-E2: An Bhulgáir, an Chróit, An tSeicia, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin
- R-E3: An Bhulgáir, an Chróit, An tSeicia, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin
- R-E4: An Ostair, An tSeicia, an Bhulgáir, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin
- R-EX4: An tSeicia, an Rómáin, an tSlóvaic
- R-EX5: An Chróit, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic
- R-EX6: An Chróit, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóivéin
- R-EX7: An Chróit, an tSlóivéin
- R-EX8: An Chróit, an tSlóivéin

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA NA MÓR-ROINNE THOIR

Eilimint Cáilíochta BitheolaíochtaFána inveirteabrach beantach

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - inveirteabraigh pháirt-bheantacha	R-E4	0,80	0,60
An Bhulgáir	IBI (BG) (Innéacs Bitheach na hÉireann (BG))	R-E1a, R-E1b	0,86	0,67
		R-E2, R-E3	0,80	0,60
An Chróit	Modh aicmiúcháin na Cróite le haghaidh maicrinveirteabraigh bheantacha	R-E2, R-E3, R-EX5, R-EX6	0,80	0,60
An tSeicia	Córas Phoblacht na Seice chun measúnú a dhéanamh ar stádas éiceolaíoch aibhneacha ag baint úsáid as maicrinveirteabraigh bheantacha	R-E1a, R-E1b, R-E2, R-E3	0,80	0,60
An Ungáir	Innéacs Maicrinveirteabrach Ilmhéadrach na hUngáire	R-E1b, R-E3, R-E4, R-EX5, R-EX6	0,80	0,60
An Rómáin	Modh measúnúcháin le haghaidh stádas éiceolaíoch dobharlach bunaithe ar mhaicrinveirteabraigh	R-E1a, R-E1b, R-E3, R-EX4	0,80	0,60
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi bentoških nevretenčarjev	R-E4, R-EX5, R-EX6	0,80	0,60
An tSlóvaic	Measúnú na Slóvaice ar inveirteabraigh bheantacha in aibhneacha	R-E1a, R-E1b, R-E2, R-E3, R-E4, R-EX4	0,80	0,60

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA NA MÓR-ROINNE THOIR	
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Macraifítí agus Fítibeantós
Eilimint Cáilíochta Fo-Bhitheolaíochta	Macraifítí

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Ostair	AIM le haghaidh Aibhneacha (Innéacs Macraifítí na hOstaire le haghaidh aibhneacha)	R-E4	0,875	0,625
An Bhulgáir	Innéacs Tagartha	R-E2, R-E3	0,570	0,370
		R-E4	0,510	0,270
An Chróit	Modh aicmiúcháin na Cróite le haghaidh macraifítí in aibhneacha	R-E2, R-E3	0,800	0,600

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An tSeicia	Modh measúnúcháin maidir le dobharlaigh dhromchla reatha sa tSeicia ag baint úsáid as macraifítí eiliminte cáilíochta bitheolaíochta	R-E2, R-E3	0,750	0,500
An tSeicia	Modh measúnúcháin maidir le dobharlaigh dhromchla reatha sa tSeicia ag baint úsáid as macraifítí eiliminte cáilíochta bitheolaíochta	R-E4	0,770	0,560
An Ungáir	Innéacs Tagartha	R-E2, R-E3	0,700	0,370
An Rómáin	Córas measúnúcháin na Rómáine bunaithe ar mhacraifítí le haghaidh aibhneacha (Innéacs Aibhneacha Macraifítí (MARI))	R-E2, R-E3, R-E4	R-E2 agus R-E3: 0,875, R-E4: 0,783	gach cineál: 0,625
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi fitobentosa in makrofitov, makrofiti	R-E2, R-E3, R-E4	0,800	0,600
An tSlóvaic	Innéacs Bitheolaíochta Macraifítí le haghaidh Aibhneacha (IBMR-SK)	R-E2, R-E3, R-E4	0,800	0,600

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA NA MÓR-ROINNE THOIR	
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta	Macraifítí agus Fítibeantós
Eilimint Cáilíochta Fo-Bhitheolaíochta	Fítibeantós

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Ostair	Measúnú ar na heilimintí cáilíochta bitheolaíochta - Fítibeantós páirteach [Leitfaden zur Erhebung der biologischen Qualitätselemente, Teil A3 - Fließgewässer/ Phytobenthos]	R-E4	0,64	0,49
An Bhulgáir	Measúnú ar stádas éiceolaíoch aibhneacha sa Bhulgáir bunaithe ar innéacs diatóm IPS	R-E1a, R-E1b, R-E3	0,87 (cineál náisiúnta R2, R4) 0,85 (cineál náisiúnta R7, R8)	0,66 (cineál náisiúnta R2, R4) 0,64 (cineál náisiúnta R7, R8)

Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cineál	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
			Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An Chróit	Modh aicmiúcháin na Cróite le haghaidh fíitibeantós in aibhneacha	R-E2, R-E3, R-EX5, R-EX6, R-EX7, R-EX8	0,862	0,60
An tSeicia	Córas measúnúcháin le haghaidh aibhneacha ag baint úsáid as fíitibeantós	R-E1a, R-E1b, R-E2, R-E3, R-EX4	0,80	0,60
An Ungáir	Measúnú ar stádas éiceolaíoch le haghaidh aibhneacha bunaithe ar dhiatóim	R-E1b, R-E2, R-E3, R-EX5	0,80	0,60
An Rómáin	Modh Measúnúcháin Náisiúnta (na Rómáine) le haghaidh Stádas Éiceolaíoch Aibhneacha bunaithe ar Fhíitibeantós (Diatóim) RO-AML	R-E1a, R-E1b, R-E3	0,80	0,60
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi fitobentos in makrofitov, fitobentos	R-E4, R-EX5, R-EX6, R-EX7, R-EX8	0,80	0,60
An tSlóvaic	Córas measúnúcháin ar stádas éiceolaíoch le haghaidh aibhneacha ag baint úsáid as fíitibeantós	R-E1a, R-E1b, R-E2, R-E3, R-E4, R-EX4	0,90	0,70

Catagóir uisce	Aibhneacha
Grúpa Idirchalabraithe Geografach	Aibhneacha na Meánmhara

Tuairisc ar na cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá

Cineál	Saintréithriú aibhneacha	Dobharcheantar (km ²)	Geolaíocht	Córas sreafa
R-M1	Sruthanna beaga na Meánmhara	< 100	Measctha (seachas siliciúil)	Thar a bheith séasúrach
R-M2	Sruthanna meánmhéide na Meánmhara	100 - 1 000	Measctha (seachas siliciúil)	Thar a bheith séasúrach
R-M4	Sruthanna sléibhte na Meánmhara		Neamh-shiliciúla	Thar a bheith séasúrach
R-M5	Sruthanna sealadacha			Sealadach

Tíortha a roinneann cineálacha ar a ndearnadh idirchalabrá:

R-M1: An Bhulgáir, an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn

R-M2: An Bhulgáir, an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn

- R-M4: An Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Spáinn
- R-M5: An Chróit, an Chipir, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA NA MEÁNMHARA			
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta		Fána inveirteabrach beantach	

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Cineál agus Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
R-M1			
An Chróit	Modh aicmiúcháin na Cróite le haghaidh maicrinveirteabraigh bheantacha	0,800	0,600
An Fhrainc	Innéacs ilmhéadrach bunaithe ar fhána maicrinveirteabrach le haghaidh measúnú éiceolaíoch ar aibhneacha sa Fhrainc ar féidir spágáil iontu (I ₂ M ₂)	0,676	0,464
An Ghréig	Córas Meastóireachta Heilléanach-2 (HESY-2)	0,943	0,750
An Iodáil	MacrOper (bunaithe ar Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR ICMi)	0,970	0,720
An Phortaingéil	Modh Measúnúcháin Cáilíochta Bitheolaíochta Aibhneacha - Inveirteabraigh Bheantacha (IPtIN, IPtIS)	0,870 (cineál 1)	0,678 (cineál 1)
		0,850 (cineál 3)	0,686 (cineál 3)
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi bentoških nevretenčarjev	0,800	0,600
An Spáinn	An Mheitheal Faireacháin Bitheolaíochta Ibéarach (IBMWP)	0,845	0,698
An Spáinn	Innéacs Ilmhéadrach Ibéarach na Meánmhara —ag baint úsáid as sonraí cainníochtúla (IMMi-T)	0,811	0,707
R-M2			
An Bhulgáir	IBI (BG) (Innéacs Bitheach na hÉireann (BG))	0,800	0,600
An Chróit	Modh aicmiúcháin na Cróite le haghaidh maicrinveirteabraigh bheantacha	0,800	0,600
An Fhrainc	Innéacs ilmhéadrach bunaithe ar fhána maicrinveirteabrach le haghaidh measúnú éiceolaíoch ar aibhneacha sa Fhrainc ar féidir spágáil iontu (I ₂ M ₂)	0,676	0,464
An Ghréig	Córas Meastóireachta Heilléanach-2 (HESY-2)	0,944	0,708
An Iodáil	MacrOper (bunaithe ar Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR ICMi)	0,940	0,700
An Phortaingéil	Modh Measúnúcháin Cáilíochta Bitheolaíochta Aibhneacha - Inveirteabraigh Bheantacha (IPtIN, IPtIS)	0,830 (cineál 2)	0,693 (cineál 2)
		0,880 (cineál 4)	0,676 (cineál 4)

Cineál agus Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi bentoških nevretenčarjev	0,800	0,600
An Spáinn	An Mheitheal Faireacháin Bitheolaíochta Ibéarach (IBMWP)	0,845	0,698
An Spáinn	Innéacs Ilmhéadrach Ibéarach na Meánmhara —ag baint úsáid as sonraí cainníochtúla (IMMi-T)	0,811	0,707
R-M4			
An Chipir	Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR (STAR_ICMi)	0,972	0,729
An Fhrainc	Innéacs ilmhéadrach bunaithe ar fhána maicrinveirteabrach le haghaidh measúnú éiceolaíoch ar aibhneacha sa Fhrainc ar féidir spágáil iontu (I ₂ M ₂)	0,676	0,464
An Ghréig	Córas Meastóireachta Heilléanach-2 (HESY-2)	0,850	0,637
An Iodáil	MacrOper (bunaithe ar Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR ICMi)	0,940	0,700
An Spáinn	An Mheitheal Faireacháin Bitheolaíochta Ibéarach (IBMWP)	0,840	0,700
An Spáinn	Innéacs Ilmhéadrach Ibéarach na Meánmhara —ag baint úsáid as sonraí cainníochtúla (IMMi-T)	0,850	0,694
R-M5			
An Chróit	Modh aicmiúcháin na Cróite le haghaidh maicrinveirteabraigh bheantacha	0,800	0,600
An Chipir	Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR (STAR_ICMi)	0,982	0,737
An Ghréig	Córas Meastóireachta Heilléanach-2 (HESY-2)	0,963	0,673
An Iodáil	MacrOper (bunaithe ar Innéacs Comh-Mhéadrachta Idirchalabraithe STAR ICMi)	0,970	0,730
An Phortaingéil	Modh Measúnúcháin Cáilíochta Bitheolaíochta Aibhneacha - Inveirteabraigh Bheantacha (IPtIN, IPtIS)	0,973 (cineál 5)	0,705 (cineál 5)
		0,961 (cineál 6)	0,708 (cineál 6)
An tSlóivéin	Metodologija vrednotenja ekološkega stanja vodotokov na podlagi bentoških nevretenčarjev	0,800	0,600
An Spáinn	An Mheitheal Faireacháin Bitheolaíochta Ibéarach (IBMWP)	0,830	0,630
An Spáinn	Innéacs Ilmhéadrach Ibéarach na Meánmhara —ag baint úsáid as sonraí cainníochtúla (IMMi-T)	0,830	0,620
An Spáinn (na hOileáin Bhailéaracha)	Innéacs INVMIB (INVertebrate Multimetric Illes Balears)	0,93	0,68

TORTHAÍ GHRÚPA IDIRCHALABRAITHE GEOGRAFACH AIBHNEACHA NA MEÁNMHARA			
Eilimint Cáilíochta Bitheolaíochta		Macraifítí agus Fítibeantós	
Eilimint Cáilíochta Fo-Bhitheolaíochta		Macraifítí	

Torthaí: Cóimheasa cáilíochta éiceolaíochta na modhanna aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe

Cineál agus Tír	Córais aicmiúcháin náisiúnta idirchalabraithe	Cóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta	
		Teorainn Ard-Mhaith	Teorainn Mhaith-Mheasartha
R-M1, M2, M4			
An Bhulgáir (R-M1 agus R-M2)	RI (BG) (Innéacs Tagartha (BG))	0,640	0,350
